AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2021
COM(2021) 237 final

2021/0121 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an iarraidh ón Aontas Eorpach go gcuirfear síneadh ama le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiar

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Is é is cuspóir don togra seo an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') a bhunú maidir le cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh chun síneadh ama a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas Eorpach fabhair thrádála uathrialacha a chur ar fáil do na Balcáin Thiar.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Tháinig Comhaontú Marrakech i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995, comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ("Comhaontú WTO").

Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach.

2.2. Comhdháil Aireachta agus Comhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála

De bhun Airteagal IV(1) de Chomhaontú EDT, tá sé d'údarás ag an gComhdháil Aireachta cinntí a dhéanamh maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.

De bhun Airteagal IV(2) de Chomhaontú EDT, sna tréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta a dhéanfaidh feidhmeanna na Comhdhála a chleachtadh.

De bhun Airteagal IX(1) de Chomhaontú EDT, is de chomhthoil a dhéanann EDT a chinntí de ghnáth.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhairle Ghinearálta EDT

De bhun Airteagal IX(3) de Chomhaontú EDT, féadtar oibleagáid a fhorchuirtear ar chomhalta a tharscaoileadh faoi chúinsí eisceachtúla.

Mar thoradh ar iarraidh ón Aontas Eorpach, féadfaidh Comhairle Ghinearálta EDT cinneadh a ghlacadh chun síneadh ama a chur le tarscaoileadh EDT atá ann cheana, tarscaoileadh lena gceadaítear don Aontas fabhair uathrialacha trádála a chur ar fáil do na Balcáin Thiar ('an gníomh atá beartaithe').

An tarscaoileadh atá ann faoi láthair, rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2021. Dá bhrí sin, is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe síneadh ama a chur leis an tarscaoileadh go dtí an 31 Nollaig 2026.

An gníomh atá beartaithe, is gníomh é a bheidh ina cheangal ar Chomhaltaí EDT i gcomhréir le hAirteagal IX(3), chomh maith le hAirteagal II(2) de Chomhaontú EDT, lena bhforáiltear na nithe seo a leanas: 'Is codanna lárnacha den Chomhaontú seo iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlíthiúla gaolmhara atá san áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 <...>, agus tá siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile'.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

An 16 Nollaig 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/2172 lena gcuirtear síneadh ama leis an tréimhse ina gcuirfear fabhair uathrialacha

trádála i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2025[1] ionas go gcumhdófar táirgí de thionscnamh na mBalcán Thiar (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv[*] Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, agus an tSeirbia). Is le Rialachán (CE) Uimh. 2007/2000 ón gComhairle[2] a deonaíodh na fabhair thrádála ar dtús agus leasaíodh iad agus cuireadh síneadh ama leo roinnt uaireanta ina dhiaidh sin.

In éagmais tarscaoileadh ó oibleagáidí an Aontais de bhun Airteagal I(1) den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ("CGTT 1994") agus Airteagal XIII de CGTT 1994, a mhéad is gá, níor mhór an chóir a chuirtear ar fáil faoi na fabhair thrádála uathrialacha a leathnú chuig gach Comhalta eile de EDT.

Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an Aontas iarraidh a chur isteach chun síneadh ama cúig bliana breise go dtí an 31 Nollaig 2026 a chur le tarscaoileadh EDT maidir le fabhair uathrialacha trádála atá le deonú ag an Aontas do na Balcáin Thiar de bhun Airteagal IX(3) de Chomhaontú EDT. De bhreis ar an iarraidh sin, ba cheart don Aontas tacú le glacadh na hiarrata sin le linn Chomhairle Ghinearálta EDT.

Bheadh sé seo ar an gceathrú síneadh ama a chuirfí leis an tarscaoileadh a deonaíodh ar dtús an 8 Nollaig 2000 go dtí an 31 Nollaig 2006[3], agus ar cuireadh síneadh ama leis go deireanach an 7 Nollaig 2016[4]. Is é údar a bhí leis an gcéad tarscaoileadh agus leis na síntí ama a cuireadh leis, an t-achrann leanúnach a bhaineann le staid eacnamaíoch an réigiúin agus tá sé beartaithe leis an bhfabhar do tháirgí incháilithe a thugann an tAontas do na tíortha sin forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí CGTT 1994.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Coincheap na '*ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*', is coincheap é a chuimsíonn gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist.

---

1 Rialachán (AE) 2020/2172 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá luaite leis (IO L 432, 21.12.2020, lch. 7).

[*] Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2 IO L 240, 23.9.2000, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 530/2007 (IO L 125, 15.5.2007, lch. 1), arna chódú le Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 (IO L 328, 15.12.2009, lch. 1).

3 WT/L/380.

4 G/C/W/731.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhairle Ghinearálta EDT a bunaíodh de chomhaontú, eadhon Comhaontú EDT.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige atá sa gníomh a iarrfar ar an gComhairle Ghinearálta a ghlacadh. An gníomh atá beartaithe, is gníomh é atá ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal II(2) agus Airteagal IX(3) de Chomhaontú EDT.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe, gníomh a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe, nó má tá dhá chomhpháirt ann, agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt, agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is leis an gcomhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2021/0121 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an iarraidh ón Aontas Eorpach go gcuirfear síneadh ama le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ("Comhaontú WTO") i gcrích le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

(2) De bhun Airteagal II(2) de Chomhaontú EDT, is codanna lárnacha den Chomhaontú seo iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlíthiúla gaolmhara atá ar áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 ('Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha'), lena n-áirítear an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ('CGTT 1994'), agus tá siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile.

(3) De bhun Airteagal IV(1) de Chomhaontú EDT, féadfaidh an Chomhdháil Aireachta cinntí a ghlacadh maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha. Tá an Chomhdháil Aireachta comhdhéanta d'ionadaithe ó na Comhaltaí uile agus tagann sí le chéile uair amháin ar a laghad gach ré bliain. De bhun Airteagal IV(2) de Chomhaontú EDT, sna tréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta a dhéanfaidh feidhmeanna na Comhdhála a chleachtadh. De bhun Airteagal IX(1) den Chomhaontú sin, is de chomhthoil a dhéanann EDT a chinntí de ghnáth.

(4) I gcomhréir le hAirteagal IX(3) de Chomhaontú EDT, féadfaidh an Chomhdháil Aireachta a chinneadh, faoi chúinsí eisceachtúla, oibleagáid arna forchur ar Chomhalta ag Comhaontú EDT nó ag aon cheann de na Comhaontuithe Iltaobhacha Trádála a tharscaoileadh.

(5) Deonaíodh tarscaoileadh óna chuid oibleagáidí don Aontas faoi Airteagal I(1) de CGTT 1994 den chéad uair an 8 Nollaig 2000 go dtí an 31 Nollaig 2006[2], agus cuireadh síneadh ama leis go deireanach an 7 Nollaig 2016 go dtí an 31 Nollaig 2021,

[1] Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 a bhaineann leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994), i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

[2] WT/L/380.

a mhéid is gá chun go dtabharfaí cead don Aontas cóir fhabhrach a thabhairt do tháirgí incháilithe de thionscnamh na mBalcán Thiar.

(6) An 16 Nollaig 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/2172 agus cuireadh síneadh ama eile leis an tréimhse ina gcuirfear fabhair uathrialacha trádála i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2025[3] do na Balcáin Thiar (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv[*] Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia).

(7) In éagmais tarscaoileadh oibleagáidí EDT, níor mhór le cur i bhfeidhm fabhar uathrialach trádála an Aontais do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2025 a leathnú chun gach Comhalta eile EDT a chumhdach.

(8) Maidir leis an iarraidh chun tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiara a leathnú, tá údar cuí leis i bhfianaise an achrainn leanúnaigh a bhaineann le staid eacnamaíoch an réigiún agus tá sé beartaithe leis an gcóir fhabhrach do tháirgí incháilithe a thugann an tAontas do na tíortha sin forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí CGTT 1994 agus gan bacainní a chruthú ar thrádáil Chomhaltaí eile EDT. Dá bhrí sin, tá feidhm fós ag na himthosca eisceachtúla lenar tugtar údar le síneadh ama a chur leis an tarscaoileadh ó Airteagal I(1) agus ó Airteagal XIII de CGTT 1994.

(9) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta EDT a bhunú ós rud é go mbeidh síneadh ama an tarscaoilte EDT maidir le fabhair uathrialacha trádála arna ndeonú ag an Aontas do na Balcáin Thiar ina cheangal ar Chomhaltaí EDT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) iarraidh a dhéanamh síneadh ama a chur le tarscaoileadh reatha EDT maidir leis na fabhair uathrialacha trádála arna ndeonú ag an Aontas do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2026, agus tacú le glacadh na hiarrata sin.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[3] Rialachán (AE) 2020/2172 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá luaite leis (IO L 432, 21.12.2020, lch. 7).

[*] Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.